

Preasráiteas	Tuilleadh eolais:	
Press Release	gaeilgeiorrais@gmail.com	
25.03.2024	097-29023	

Comórtas Díospóireachta Uí Chonaire 2024: comórtas den scoth idir daltaí iarbhunscoile Gaeltachta in Iorras

Ba mhór ag Gaeilge Iorrais tacú le Coláiste Bhreandáin Naofa (Béal an Mhuirthead) Comórtas Díospóireachta Uí Chonaire a réachtáil arís i mbliana - díospóireacht lán-Ghaeilge do scoláirí iarbhunscoile agus i gcumhne ar iarphríomhoide na scoile sin, Pádraic Ó Conaire. Tionóladh an ócáid speisialta seo Dé Céadaoin 20 Márta 2024 in Áras Inis Gluaire, Béal an Mhuirthead, nuair a tháinig scoláirí as Coláiste Bhreandáin Naofa (Béal an Mhuirthead), Gaelcholáiste Chomáin (Ros Dumhach) agus Meánscoil Mhuire (Béal an Mhuirthead) le chéile chun plé a dhéanamh ar rún a bhaineann leis an nGaeilge i nGaeltachtaí Mhaigh Eo. Ba é an rún don chomórtas sóisearach **'Tá dóchas i ndán don Ghaeilge i nGaeltachtaí Mhaigh Eo.'** Bhí Coláiste Bhreandáin Naofa ar son an rúin agus bhí Gaelcholáiste Chomáin in aghaidh an rúin. Ba é an rún don chomórtas sinsearach **'Tá cúis ghearáin ag óige na Gaeltachta seo.'** Bhí Meánscoil Mhuire ar son an rúin agus bhí Coláiste Bhreandáin Naofa in aghaidh an rúin.

Bhí dhá chomórtas i gceist ar an lá. Bhí lán an tí san amharclann in Áras Inis Gluaire don ócáid seo. Tháinig slua mór ó na trí hiarbhunscoil agus ó chúig bhunscoil áitiúil Ghaeltachta chun éisteacht leis na cainteoirí éagsúla. Bhí daltaí sa tsraith shóisearach in iomaíocht do Chorn Ghaeilge Iorrais agus bhí daltaí sa tsraith shinsearach in iomaíocht do Chorn Uí Chonaire. Bhí díospóireacht amháin ag an dá dhream sin ar an lá. Ní raibh ach babhta amháin i gceist. Triúr cainteoirí a bhí ar chuile fhoireann agus bhí trí nóiméad cainte an duine acu. Gabhann muid buíochas le cathaoirleach an lae, Colm Mac Eachmharcaigh, (oifigeach pleanála teanga le Gaeilg' Acla) a bhí i bhfeighil an chloig. Bhí moltóir amháin ann ó chuile scoil, mar aon le moltóir neamhspleách eile, Fionnuala Nic

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.



Pháidín (oifigeach Gaeilge le Comhairle Contae Mhaigh Eo). Gabhann muid buíochas faoi leith leofa chomh maith.

Mhínigh Laoise Ní Dhúda, oifigeach pleanála teanga le Gaeilge Iorrais, an tábhacht agus an tairbhe a bhaineann leis an ócáid seo go háitiúil agus i gcomhthéacs níos leithne;

Tugann ócáid den chineál seo deis iontach do scoláirí le Gaeilge as iarbhunscoileanna i nGaeltacht Iorrais teacht le chéile chun plé a dhéanamh ar cheist na Gaeilge mar a bhaineann sí leofa. Cuireann ócáid mar seo leis an obair mhór atá ar siúl sna scoileanna faoin scéim aitheantais mar scoil Ghaeltachta agus láidríonn sí an ceangal teanga agus cultúrtha idir na daltaí agus a gcuid scoileanna. Is mian linn, leis sin, ceiliúradh a dhéanamh ar an oideachas, ar an nGaeilge, ar an óige agus ar ár gceantar Gaeltachta féin.

Bhí na comórtais ar ardchaighdeán agus bhí iomaíocht ghéar idir na foirne ó thús an lae. Ardú croí agus meanman a bhí ann a bheith ag éisteacht leis na cainteoirí óga deisbhéalacha ag cur a gcuid argóintí stuama i láthair, ag tabhairt dúshlán dá chéile agus iad ag roinnt go leor ábhar machnaimh ar an lucht éisteachta. Bhronn Gaeilge Iorrais plaic rannpháirtíochta ar chuile scoláire a ghlac páirt sa díospóireacht agus ardmholadh tuillte acu leis sin. Bhí siad uilig ar fheabhas. Tugadh cúram fíordheacair do na moltóirí ach d'éirigh le foireann Choláiste Bhreandáin Naofa Corn Ghaeilge Iorrais a thabhairt leofa ag an leibhéal sóisearach i mbliana. Sa chomórtas sinsearach, d'éirigh le daltaí Mheánscoil Mhuire Corn Uí Chonaire a chrochadh leofa don chéad uair. Maith sibh uilig.

Gabhann muid buíochas le chuile dhuine a ghlac páirt san ócáid speisialta seo agus le foireann Áras Inis Gluaire as aire a thabhairt dúinn. Comhghairdeas arís leis na hiomaitheoirí go léir agus a gcuid múinteoirí. Beidh arís ann!

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhíle · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.